Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/2566

20.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2566 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Samhain 2026

lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1089 ón gCoimisiún lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le meidéataimidín lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1731 ón gCoimisiún ([2]), formheasadh meidéataimidín mar shubstaint ghníomhach lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21 go dtí an 31 Nollaig 2022 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) An 27 Meitheamh 2021, cuireadh isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ar athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le meidéataimidín lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1495 ón gCoimisiún ([3]), cuireadh ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le meidéataimidín lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21 go dtí an 30 Meitheamh 2025 chun go mbeadh am leordhóthanach ann chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/953 ón gCoimisiún ([4]), cuireadh ar atráth an athuair dáta éaga an fhormheasa sin go dtí an 30 Meitheamh 2026, agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1089 ón gCoimisiún ([5]) cuireadh ar atráth arís an dáta éaga go dtí an 31 Nollaig 2026.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2567 ón gCoimisiún ([6]), ní dhearnadh athnuachan ar an bhformheas maidir le meidéataimidín lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21 ós rud é nach gcomhlíonann meidéataimidín na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1089 a aisghairm,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1731 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2015 lena bhformheastar meidéataimidín mar shubstaint ghníomhach lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21 (IO L 252, 29.9.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1731/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1495 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le meidéataimidín lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 234, 9.9.2022, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1495/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/953 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le meidéataimidín lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/953, 23.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/953/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1089 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2026 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le meidéataimidín lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2026/1089, 22.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1089/oj).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2567 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2026 gan an formheas maidir le meidéataimidín mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2026/2567, 20.11.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/2567/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1089.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN